



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.5.2025
COM(2025) 262 final

2025/0262 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le Rialachán (AE) 2021/947 a leasú a mhéid a bhaineann le héifeachtúlacht
mhéadaithe na Ráthaíochta do Ghníomhaíochtaí Seachtracha**

{SWD(2025) 262 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Dearbhaítear sna Treoirí Polaitiúla don Choimisiún Eorpach 2024-2029 nach mór don Eoraip a bheith níos teanntásaí ar an ardán domhanda agus a leasanna straitéiseacha á saothrú aici trína cumhacht agus a comhpháirtíochtaí a ghíaráil. Ní mór déileáil leis an méadú mar riachtanas geopholaitiúil, tá gá le cur chuige a ghlacadh atá níos straitéisí i leith ár gcomharsanachta, lena n-áirítear tionscnaimh shuaitheanta faoin gComhshocrú nua don Mheánmhuir, agus ní mór beartas eachtrach eacnamaíoch nua a shaothrú i ndomhan ina bhfuil ceangal idir an gheopholaitíocht agus an gheo-eacnamaíocht.

Trí infheistíocht a dhéanamh i dtíortha comhpháirtíochta, cruthaítear comhpháirtíochtaí comhthairbheacha fadtéarmacha. Tá an Tairseach Dhomhanda¹ ag comhlíonadh a ghealltanais chun borradh a chur faoi naisc chliste, ghlasa agus dhaingne sna hearnálacha digiteacha, fuinnimh agus iompair agus chun córais sláinte, oideachais agus taighde a neartú ar fud an domhain. Le déanaí, i gcomhréir le moltaí thuarascáil Draghi, tá sí ag rannchuidiú freisin le laghdú a dhéanamh ar spleáchais sheachtracha iomarcacha na hEorpa trí sholáthar amhábhbar, fuinnimh ghlasa, breoslaí iompair inbhuanaithe agus teicneolaíochta glaine a dhaingniú. Go dtí seo, tá os cionn EUR 200 billiún d'infheistíochtaí na Tairsí Domhanda slógtha i bhfíoriarracht Fhoireann na hEorpa.

Is é ráthaíocht bhuiséadach an Chiste Eorpaigh um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus (CEFI+) an ionstraim chomhroinnte riosca is mó de chuid an Aontais chun tacú le hinfeistíochtaí tosaíochta lasmuigh den Aontas. Bunaíodh é in 2021 leis an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI) – an Rialachán maidir leis an Eoraip Dhomhanda², mar chomharba ar an gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI) a bunaíodh in 2017³ agus ar Shainordú Iasachtaithe Sheachtraigh (ELM) an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI). Tá sé tar éis freastal ar éileamh an-tábhachtach ó BEI, ón mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF) agus ó institiúidí airgeadais forbartha (IAFanna) eile. Sa mheastóireacht ar na hIonstraimí Maoinithe Sheachtraigh do Chreataí Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020 agus 2021-2027⁴, tarraingíodh aird ar éifeacht chatalaíoch CEFI+ maidir le maoiniú agus saineolas breise a shlógadh agus maidir lena ailíniú le straitéis na Tairsí Domhanda.

Tá beagnach 80 % d'acmhainneacht ráthaíochta CEFI+ faoin gcreat 'aitireacht oscailte' chun oibriúcháin na hearnála príobháidí a chumhdach geallta. I gcomhthráth leis sin, tá píblíne

¹ 'An Tairseach Dhomhanda', Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta, JOIN(2021) 30 final, 1.12.2021

² Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1). ELI: [Rialachán — 2021/947 — GA — EUR-Lex](#)

³ Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 2017 lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI), Ráthaíocht CEFI agus Ciste Ráthaíocht CEFI (IO L 249, 27.9.2017, lch. 1). ELI: [Rialachán — 2017/1601 — GA — EUR-Lex](#)

⁴ COM(2024) 208 final an 15.5.2024

fhéideartha na dtionscadal atá ginte ag BEI faoina sainfhuinneoga infheistíochta níos mó ná méid na n-iasachtaí atá ar fáil faoi dheireadh na tréimhse infheistíochta, i.e., mí na Nollag 2028. Ar an iomlán, is mó an t-éileamh ar ráthaíocht CEFI+ ná na méideanna atá ar fáil.

An 31 Nollaig 2024 seo caite, tháinig deireadh leis an tréimhse ina bhféadfadh comhpháirtithe cur chun feidhme CEFI oibríochtaí nua a shíniú faoi na comhaontuithe ráthaíochta faoi seach. Amhail ón dáta sin, ríomhfaidh an Coimisiún barrachas nó easnamh sholáthar CEFI atá sa chiste don soláthar coiteann gach bliain⁵. Faoi na rialacha reatha is infheidhme agus atá leagtha síos i Rialachán Airgeadais an Aontais⁶, déantar barrachais a thabhairt ar ais don bhuiséad ginearálta. De réir análaí leis na maoluithe ar an Rialachán Airgeadais a soláthraíodh le haghaidh Chlár InvestEU⁷, ar féidir leis úsáid a bhaint as barrachas soláthairtí le haghaidh an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS)⁸, agus le haghaidh Shaoráid na hÚcráine⁹, i gcás inarb ionann barrachas na soláthairtí le haghaidh Ráthaíocht na hÚcráine agus ioncam sannta inmheánach don tSaoráid nó dá chlár comharbachta, tá sé beartaithe barrachas na soláthairtí le haghaidh ráthaíocht CEFI a shannadh do CEFI+.

Tá athmheasúnú déanta ag BEI ar an riosca iarmharach atá sé in ann a ghlacadh sa sainfhuinneog infheistíochta eisiach le haghaidh oibríochtaí neamhthráchtála ceannasacha agus focheannasacha agus chinn sé go bhféadfaí é a mhéadú ó 35 % go 40 %. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí cumhdach ráthaíochta AE a laghdú ó 65 % den phunann, mar a samhlaíodh ar dtús i Rialachán ICFCI-An Eoraip Dhomhanda, go 60 %.

Agus béim á leagan ar a thábhachtaí atá sé don Eoraip sa chomhthéacs geopholaitiúil agus geo-eacnamaíoch atá ann faoi láthair a tiomantas i leith tíortha comhpháirtíochta a athdhearbhú trí infheistíochtaí a uas-scálú agus, chomh maith leis sin, ar an éileamh ard ar ráthaíocht CEFI+, tá sé mar aidhm ag an togra reatha éifeachtúlacht na Ráthaíochta do Ghníomhaíochtaí Seachtracha a mhéadú. Dhéanfaí méid measta suas go EUR 471 mhilliún d'acmhainní ar fáil.

I gcomhthráth leis sin, mar thoradh ar shraith beart simpliúcháin, atá á gcur chun feidhme cheana nó atá á plé, beidh comhpháirtithe cur chun feidhme in ann gnóthachain éifeachtúlachta a bhaint amach agus acmhainní a atreorú chuig tionscnamh agus cur chun feidhme tionscadal lena n-uasmhéadaítear breisluch do thíortha comhpháirtíochta. Ina theannta sin, tacóidh an t-am laghdaithe chun an margadh a bhaint amach le dlús a chur leis an Tairseach Dhomhanda agus le cuspóirí beartais a chur chun feidhme ar bhealach níos tapúla:

⁵ Arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 215 den Rialachán Airgeadais.

⁶ Rialachán (AE) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj>).

⁷ Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 3). ELI: [Rialachán — 2021/523 — GA — EUR-Lex](http://data.europa.eu/eli/reg/2021/523/oj)

⁸ Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, leis an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht agus leis an Tairseach Eorpach de Thionscadail Infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 – an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (IO L 169, 1.7.2015, lch. 1). ELI: [Rialachán — 2015/1017 — GA — EUR-Lex](http://data.europa.eu/eli/reg/2015/1017/oj)

⁹ Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin (IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj>).

- Trí dheireadh a chur leis an gceanglas maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar an measúnú priacal agus ar fhaisnéis grádaithe an chomhpháirtí cur chun feidhme faoi oibríochtaí ar leithligh a bhaint den tuairisciú bliantúil a dhéanann comhpháirtithe cur chun feidhme don Choimisiún maidir le comhaontuithe ráthaíochta,
- trí laghdú a dhéanamh ar an ualach caibidlíochta a bhaineann le comhaontuithe ráthaíochta CEFI+ trí thograí ón gcomhpháirtí cur chun feidhme céanna a chomhdhlúthú faoi chomhaontú ráthaíochta aonair,
- i gcás inarb ábhartha, trí Chomhaontú Ranníocaíochta amháin a shíniú lena gcumhdaítear roinnt comhpháirteanna cúnaimh theicniúil in aghaidh an chomhpháirtí cur chun feidhme,
- trí thosaíocht a thabhairt, i gcás ina bhfuil údar cuí leis, do bhreisithe ar chomhaontuithe ráthaíochta atá ann cheana le haghaidh tograí nua ó chomhpháirtithe cur chun feidhme, ar comhaontuithe iad nach gá ach na téarmaí a bhaineann leis na hoibríochtaí nua a chaibidlíú ina leith,
- trí minicíocht an tuairiscithe airgeadais le haghaidh comhaontuithe ráthaíochta a laghdú ó mhinicíocht ráithiúil go minicíocht leathbhliantúil,
- trí shimpliú leathan a dhéanamh ar an gcreat cumaisc, go háirithe le BEI:
 - tríd an fhoirm iarratais agus an próiseas formheasa a shruthlíniú,
 - trí na socruithe conarthacha a shimpliú trí chreatchonarthaí cumaisc a shíniú,
 - tríd an tuairisciú a chomhdhlúthú tríd an tuairisciú ar leithligh reatha de réir oibríocht chumaisc a chomhiomlánú faoi thuarascáil aonair de réir creatchonartha.

Ag an am céanna, leanfaidh an Coimisiún de leithdháileadh éifeachtúil agus éifeachtach ranníocaíochtaí cumaisc an Aontais, agus cuntasacht i leith chur chun feidhme na ranníocaíochtaí sin, a áirithiú.

Is é an chéad bheart ón liosta thuas an t-aon bheart amháin a éilíonn leasú ar Rialachán ICFCI-an Eoraip Dhomhanda.

• **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra seo comhsheasmhach leis na cuspóirí beartais atá ann cheana i réimsí beartais na haeráide, an chomhshaoil agus an fhuinnimh, na seirbhísí digiteacha agus an bhonneagair, an chomhionannais inscne, na forbartha daonna agus an fháis inbhuanaithe agus na bpost i dtíortha comhpháirtíochta. Tá an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus (CEFI+), trí dhíriú ar thacú le hinfheistíochtaí agus ar rochtain ar mhaoiniú a mhéadú, comhsheasmhach leis an Tairseach Dhomhanda agus le cur chun feidhme comhpháirtíochtaí comhthairbheacha lenár gcomharsana is gaire.

• **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra ailínithe le Comhaontú an Aontais maidir le Tionsclaíocht Ghlan, le comhpháirtíochtaí trádála agus infheistíochta glaine agus le straitéis amhábhhar criticiúil. Leis na leasuithe atá beartaithe, cuirfear tuilleadh feabhais ar an tionchar sna réimsí sin trí acmhainneacht infheistíochta na Tairsí Domhanda a mhéadú agus trí rannchuidiú leis an gcóineasú eacnamaíoch i gcás thíortha an mhéadaithe. Tá sé comhsheasmhach freisin leis an deis infheistíochtaí straitéiseacha a thapú faoi chuimsiú na gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha agus na gné réigiúnaí den Chomhshocrú don Mheánmhuir atá le bheith ann.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Tá an bunús dlí céanna, is é sin le rá Airteagal 209 (Comhar um Fhorbairt) agus Airteagal 212 (Comhar Eacnamaíoch, Airgeadais agus Teicniúil le Tríú Tíortha), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh á úsáid don togra seo chun Rialachán ICFCI-An Eoraip Dhomhanda a leasú agus a úsáideadh don leagan atá i bhfeidhm.

• Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Tá deis uathúil ag an Aontas chun tacú le tíortha comhpháirtíochta ar roinnt cúiseanna. Tá tionchar polaitiúil, agus brú dá réir, aige i ngeall ar a stádas mar eintiteas fornáisiúnta. Tá láithreachtaí dhomhanda ag an Aontas lena thoscaireachtaí, rud a áiríonn go bhfuil líonra faisnéise ollmhór aige faoi fhorbairtí a mbíonn tionchar acu ar thíortha ar fud an domhain. Is páirtí é an tAontas Eorpach freisin i bhformhór na bpróiseas iltaobhach a bhfuil sé mar aidhm acu dul i ngleic le dúshlán dhomhanda. Fágann sin go mbíonn an tAontas ar an eolas i gcónaí faoi riachtanais agus fadhbanna nua agus gur féidir leis, dá bhrí sin, acmhainní a ath-leithdháileadh dá réir sin. Tá méadú ag teacht ar chomhlántachtaí idir gníomhaíocht an Aontais agus na gníomhaíochtaí a dhéanann na Ballstáit faoi chur chuige Fhoireann na hEorpa.

Is féidir leis an Aontas breisluach a sholáthar atá bunaithe ar mhéid na n-acmhainní a chuirtear ar fáil trína chuid ionstraimí, go háirithe CEFI+, agus ar intuarthacht na n-acmhainní thar an tréimhse atá fágtha den chreat airgeadais ilbhliantúil.

• Comhréireacht

I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ní théann an Rialachán beartaithe thar a bhfuil riachtanach chun a chuspóirí a bhaint amach.

• An rogha ionstraime

Mar gheall ar na cuspóirí atá á saothrú, is gá Rialachán ICFCI-An Eoraip Dhomhanda atá ann faoi láthair a leasú agus maolú ar an Rialachán Airgeadais a thabhairt isteach trí thogra reachtach.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

• Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana

Dearbhaíodh sa mheastóireacht ar Ionstraimí Maoinithe Sheachtraigh an Aontais Eorpaigh¹⁰ go bhfuil sé léirithe ar an iomlán go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm. I gcomhthéacs na héabhlóide ar an staid gheopholaitiúil, tá sé cruthaithe ag ICFCI-an Eoraip Dhomhanda go bhfuil sé ábhartha i dtaca le tosaíochtaí an Aontais a shaothrú agus, chomh maith leis sin, i dtaca le tacaíocht a chur ar fáil do thíortha comhpháirtíochta, go háirithe i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus na mbrúnna imirce, go háirithe sa Chomharsanacht. Léirigh sé freisin go raibh úsáid CEFI+ ar an mbóthar ceart chun rannchuidiú le cuspóirí foriomlána ICFCI-an Eoraip Dhomhanda. Aithníodh ann go léiríonn an spéis an-ard atá ann tairbhe a bhaint as cumhdach ráthaíochta AE go bhfuil

¹⁰ COM(2024) 208 final an 15.5.2024

uasmhéid na Ráthaíochta do Ghníomhaíochtaí Seachtracha a leagtar amach in ICFCI-an Eoraip Dhomhanda ábhartha. Maidir le breisluach CEFI+ ó thaobh maoiniú agus saineolas breise a shlógadh ó roinnt institiúidí airgeadais iltaobhacha agus institiúidí airgeadais forbartha, lena n-áirítear bainc forbartha náisiúnta agus institiúidí réigiúnacha, faightear bunús leis sa ró-shuibscríobh mór an chéad ghlaio ar thograí faoi ailtireacht oscailte CEFI+. Mar ar an gcéanna, tá cumasc faoi CEFI+ rithabhachtach chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht, ar aeráid-phromhadh agus ar thionchar forbartha i dtíortha comhpháirtíochta an Aontais. Leagadh béim sa mheastóireacht ar an earnáil phríobháideach do ghlacadh ról níos mó sa phróiseas, trí fhónamh mar inneall cumhachtach i leith fás inbhuanaithe agus cuimsitheach agus i leith rannchuidiú na hearnála príobháidí, trí bhíthin CEFI+, a bheith rithabhachtach i leith úsáid éifeachtúil a bhaint as buiséad an Aontais chun tacú le fás inbhuanaithe i dtíortha comhpháirtíochta.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Rinneadh staidéar seachtrach chun tacú leis an meastóireacht ar na hIonstraimí Maoinithe Sheachtraigh. Rinne foireann an staidéir sheachtraigh os cionn 340 agallamh leathstruchtúrtha le níos mó ná 350 faisnéiseoir. D'aontaigh saineolaithe na mBallstát gurb amhlaidh, d'ainneoin a luathchéime, gur féidir CEFI+ a úsáid chun comhar a chatalú le hinstiúidí airgeadais forbartha agus chun borradh a chur faoi shreafaí airgeadais i dtreo infheistíocht i dtíortha comhpháirtíochta an Aontais. Chomhaontaigh siad freisin nach mór do CEFI+, mar uirlis atá bunaithe ar bheartais, rannchuidiú le tionscnaimh gheopholaitiúla amhail an Tairseach Dhomhanda nó Tionscnaimh Fhoireann na hEorpa. Chomhaontaigh saineolaithe na mBallstát go bhféadfadh CEFI+ feabhas a chur ar acmhainneacht an Aontais maidir le hinfeistíocht a mhealladh agus maidir le tacú le hinfeistíocht i dtíortha comhpháirtíochta. D'admhaigh IAFanna go mbeadh gá le cistiú agus cumhdach níos spriocdhírithe ó CEFI+, go háirithe i bhfianaise an inghlacthachta riosca theoranta i dtíortha leochaileacha agus i dtíortha lagfhorbartha (TLFanna).

Ag deireadh 2024 agus go luath in 2025, rinne roinnt comhpháirtithe cur chun feidhme CEFI+ moltaí réamhghníomhacha maidir le cur chun feidhme chumasc agus ráthaíochtaí CEFI+ a shruthlíniú, agus maidir le gnóthachain éifeachtúlachta fhéideartha.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Rinneadh meastóireacht ar na hIonstraimí Maoinithe Sheachtraigh i gcomhréir le hAirteagal 42(2) de Rialachán ICFCI – an Eoraip Dhomhanda. Bhí staidéar seachtrach a rinneadh in 2023 ann mar thacaíocht leis an meastóireacht sin¹¹. Féach na príomhtheachtaireachtaí a díorthaíodh ón meastóireacht eatramhach atá ábhartha don togra seo faoin bhfo-cheannteideal ‘meastóireachtaí *Ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana’ thuas.

- **Measúnú tionchair**

Ní chruthaítear ionstraim nua leis an togra seo. Baintear leas sa togra as na measúnuithe tionchair a rinneadh i gcomhthéacs an togra bhunaidh le haghaidh Rialachán ICFCI-an Eoraip Dhomhanda agus as an meastóireacht ar Ionstraimí Maoinithe Sheachtraigh an Aontais Eorpaigh, lena deimhníodh an spéis an-ard atá i ráthaíocht CEFI+.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl baint ag an togra le hoiriúnacht rialála.

¹¹ [Meastóireacht ar Ionstraimí Maoinithe Sheachtraigh an Aontais Eorpaigh \(2014-2020 agus 2021-2027\) - an Coimisiún Eorpach](#)

Mar a thuairiscítear sa roinn thuas dar teideal ‘Cúiseanna agus cuspoirí an togra’, tá bearta déanta ag an gCoimisiún cheana féin chun caibidlíocht chomhaontuithe ráthaíochta CEFI+ a shimpliú agus chun oibleagáidí airgeadais agus tuairiscithe riosca na gcomhpháirtithe cur chun feidhme a laghdú faoina leath trí mhinicíocht an tuairiscithe a laghdú ó ráithiúil go leathbhliantúil. Ina theannta sin, tá tús curtha aige le plé le comhpháirtithe cur chun feidhme chun an creat cumaisc a shimpliú (foirm iarratais, próiseas formheasa, conraitheoireacht agus tuairisciú).

Níl aon mhír tuairiscithe bhreise beartaithe. Tá réiteach gréasán-bhunaithe curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun torthaí a thuairisciú faoi ICFCI-an Eoraip Dhomhanda.

- **Ceartha bunúsacha**

Níl tionchar ag an togra ar chearta bunúsacha.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní éilítear ranníocaíochtaí nua ó bhuiséad an Aontais mar gheall ar na leasuithe atá beartaithe ar Rialachán ICFCI-an Eoraip Dhomhanda.

Dhéanfaí barrachas soláthairtí le haghaidh ráthaíocht CEFI do na blianta 2024 agus 2025 a shannadh do CEFI+ ar barrachas é a mheastar a bheith cothrom le EUR 471 mhilliún. Is barrachas aonuaire é an barrachas eisceachtúil sin agus baineann sé leis an gcéad ríomh barrachais CEFI agus is é is cúis leis go príomha tearc-chur chun feidhme roinnt comhaontuithe ráthaíochta tar éis shuaitheadh ráig COVID-19 agus, i roinnt cásanna, an easpa éilimh ar na táirgí airgeadais atá beartaithe, ar ceacht é sin a foghlaimíodh agus a comhtháthaíodh i roghnú chomhaontuithe ráthaíochta CEFI+. Meastar go mbeidh barrachais CEFI do na blianta 2026-27 níos ísle, agus sin nasctha le haisíocaíochtaí bliantúla, ioncaim, éilimh nó foirceannadh idirbheart foluiteach.

Cuireann an barrachas thuas san áireamh cheana féin gur gá glao ráthaíochta EUR 130 milliún agus EUR 1,7 milliún de ghlaonna ráthaíochta a íoc ar CEFI a íocadh cheana ón 31 Nollaig 2024.

Tugann tionchar airgeadais na leasuithe a bhaineann le ráthaíocht CEFI le tuiscint go mbeidh moill ar ioncaim do bhuiséad an Aontais ó bharrachais na soláthairtí le haghaidh ráthaíocht CEFI.

Níl aon athrú ar na rátaí soláthair a leagtar amach le Rialachán ICFCI-an Eoraip Dhomhanda.

Ní iarrtar aon bhuiséad breise le haghaidh costais foirne ná costais riaracháin.

Tá ráiteas airgeadais reachtach agus digiteach le tuilleadh faisnéise buiséadaí san áireamh.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Cuirtear ráthaíocht CEFI+ chun feidhme trí bhainistíocht neamhdhíreach. Tá líonra 19 gcomhpháirtí cur chun feidhme ag an gCoimisiún faoi láthair agus tá sé oscailte do thograí ó chomhpháirtithe cur chun feidhme nua féideartha.

Leanfaidh na socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe atá i bhfeidhm cheana féin de bheith ann.

Déanfar feidhmíocht a thomhas de réir táscairí a leagtar síos in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán ICFCI-an Eoraip Dhomhanda agus, chomh maith leis sin, sna comhaontuithe

ráthaíochta leis na comhpháirtithe cur chun feidhme chun tuairisciú comhchuibhithe a bhailiú uathu.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leasuithe ar Rialachán ICFCI-an Eoraip Dhomhanda (Airteagal 1)

Samhlaítear cheana féin, le hAirteagal 30(4), go mbeidh maolú ann ar Airteagal 212(3) den Rialachán Airgeadais chun úsáid athshreafaí ó ionstraimí airgeadais a cheadú le haghaidh na gcuspóirí beartais céanna. Tá leathnú an mhaolaithe sin chuig ráthaíochtaí buiséadacha, mar a samhlaíodh ar dtús le hAirteagal 30(4), neamhéifeachtach toisc go sannann Airteagal 214(4) den Rialachán Airgeadais na hathshreafaí ó ráthaíochtaí buiséadacha chuig iad a sholáthar. De bhreis air sin, ní chumhdaítear ráthaíocht CEFI le Rialachán ICFCI-an Eoraip Dhomhanda.

De réir analaí le cuspóir Airteagal 30(4) a mhéid a bhaineann le hionstraimí airgeadais, is é is aidhm don leasú atá beartaithe úsáid bharrachas CEFI a cheadú do sholáthar CEFI+, rud a bhfuil gá ina leith le maolú ar Airteagal 216(4), pointe (a), den Rialachán Airgeadais lena samhlaítear go dtabharfar an barrachas ar ais don bhuiséad. Tá fasaigh ann cheana féin chun tacú leis an togra sin. Tá an maolú céanna i bhfeidhm cheana féin faoi Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) 2021/523 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017. Mar an gcéanna, samhlaíonn Airteagal 12(5) de Rialachán (AE) 2024/792 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin maolú freisin ar Airteagal 216(4), pointe (a), den Rialachán Airgeadais chun úsáid aon bharrachas ó na soláthairtí le haghaidh Ráthaíocht na hÚcráine a cheadú mar ioncam sannta inmheánach don tSaoráid nó dá clár comharbacht.

Tá an leasú ar Airteagal 31(8) bunaithe ar Airteagal 214(6) den Rialachán Airgeadais, lena samhlaítear, maidir le ráthaíocht bhuiséadach, go ndéanfar na fáлтаis ó infheistíochtaí na n-acmhainní a choinnítear sa chiste don soláthar coiteann, na méideanna arna ngnóthú ó fhéichiúnaithe mainneachtana agus na hioncaim (táillí) agus aon íocaíocht eile a fhaigheann an tAontas i gcomhréir le comhaontú ráthaíochta, a úsáid chun an ráthaíocht bhuiséadach a athbhunú go dtí a méid tosaigh laistigh de theorainneacha na tréimhse incháilithe dá bhforáiltear sa bhunghníomh, áfach, gan dul thar chéim comhdhéanta an tsoláthair, agus gan dochar d'Airteagal 216(4) den Rialachán Airgeadais. I gcás na Ráthaíochta do Ghníomhaíochtaí Seachtracha (RGS), lena n-áirítear ráthaíocht CEFI+, mairfidh an tréimhse incháilithe chun comhaontuithe ráthaíochta a shíniú go dtí an 31 Nollaig 2027 agus ní bheadh feidhm ag Airteagal 216(4) den Rialachán Airgeadais ach amháin ag deireadh chéim chomhdhéanta an tsoláthair agus na tréimhse incháilithe, a d'fhéadfadh maireachtáil go dtí 2031. Go teoiriciúil, má tharlaíonn caillteanais i gcás RGS, d'fhéadfaí a athshreafaí thuasluaite a úsáid go dtí deireadh 2027 chun an ráthaíocht a athbhunú go dtí a méid tosaigh. Go praiticiúil, táthar go mbeidh caillteanais an-íseal i gcás RGS EAG roimh 2027¹², rud a fhágann go bhfuil Airteagal 214(6) den Rialachán Airgeadais do EAG neamhéifeachtach maidir le RGS. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe soláthairtí CEFI+ a úsáid chun caillteanais a chumhdach, rud a ndéantar foráil ina leith in Airteagal 214(6) den Rialachán Airgeadais, chun na glaonna maidir le ráthaíocht CEFI a íoc, lena n-éilítear maolú ar Airteagal 214(6) den Rialachán Airgeadais. Trí ghlaonna ráthaíochta CEFI a íoc mar a mholtar leis an leasú seo, mhéadófaí barrachas CEFI 2025 den mhéid céanna agus thiocfadh sé chun bheith ar fáil do CEFI+.

Is ionann an leasú ar Airteagal 36(1) agus toradh togra ó BEI é féin chun a riosca iarmharach a mhéadú i gcás na sainfhuinneoige infheistíochta eisiach le haghaidh oibríochtaí

¹² Go dtí seo, glaoth EUR 0.714 milliún ar CEFI+, agus gnóthaíodh EUR 0.084 milliún den mhéid sin.

neamhthrachtála ceannasacha agus focheannasacha (FE1) ó 35 % go 40 %, rud a laghdódh cumhdach an Aontais ó 65 % go 60 %.

Aisghairtear Airteagal 38(6) chun ailíniú iomlán a áirithiú leis na ceanglais iniúchóireachta agus tuairiscithe airgeadais a shamhlaítear cheana le hAirteagail 212(4) agus 222(6) den Rialachán Airgeadais. Trí dhéanamh amhlaidh, cuirtear deireadh leis an oibleagáid atá ar chomhpháirtithe cur chun feidhme iniúchadh a dhéanamh ar an bhfaisnéis faoi na hoibríochtaí ar leithligh faoi na comhaontuithe ráthaíochta.

Teacht i bhfeidhm (Airteagal 2)

Tá sé beartaithe go dtiocfaidh an Rialachán leasaitheach i bhfeidhm an lá tar éis a fhoilsithe ionas gur féidir é a chur chun feidhme go pras.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Rialachán (AE) 2021/947 a leasú a mhéid a bhaineann le héifeachtúlacht mhéadaithe na Ráthaíochta do Ghníomhaíochtaí Seachtracha

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 209 agus 212 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Éilítear leis an gcomhthéacs geopholaitiúil agus geo-eacnamaíoch domhanda go n-athdhearbhóidh an tAontas a thiomantas i leith comhpháirtíochtaí comhthairbhreacha a bhunú le tíortha comhpháirtíochta.
- (2) Moltar i dtuarascáil Draghi rannpháirtíocht níos mó na hearnála príobháidí a áirithiú agus spleáchais sheachtracha iomarcacha a laghdú trí sholáthar amhábharr, fuinnimh ghlain, breoslaí iompair inbhuanaithe agus teicneolaíochta glaine ó gach cearn den domhan a dhaingniú agus, ar an gcaoi sin, an Tairseach Dhomhanda¹³ a uasghrádú agus a ghíaráil chomh maith leis na pleananna fáis do thíortha an mhéadaithe a chur i bhfeidhm, rud a bhfuil acmhainní breise ag teastáil ina leith.
- (3) De bhreis ar chur chuige níos dírithe i leith an mhéadaithe, aithnítear i dtreoirlínte polaitiúla Choimisiún 2024-2029 a thábhachtaí atá cur chuige níos dírithe i leith ár gcomharsanachta i gcoitinne, go háirithe leis an Meánoirthear, an Afraic Thuaidh agus an Mhurascaill. Ba cheart tacú leis an ábharthacht straitéiseach trí thionscadail nithiúla agus infheistíochtaí straitéiseacha, ar an leibhéal réigiúnach, e.g. t-MED, agus ar an leibhéal déthaobhach, trí na Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha a chur chun feidhme. Ag brath ar éabhlóid na staide ar an láthair, d'fhéadfadh gá a bheith le hacmhainní breise freisin chun cobhsaíocht a choinneáil agus chun tacú le téarnamh/atógáil luath i measc príomh-chomhpháirtithe sa Mheánoirthear.
- (4) Ionstraim mhaoiniúcháin thábhachtach de chuid an Aontais chun cuspóirí na Tairisí Domhanda agus na n-infheistíochtaí straitéiseacha a bhaint amach is ea an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus (CEFI+), agus go háirithe an ráthaíocht bhuiséadach a ghabhann leis, ar comhpháirt í den Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

¹³ ‘An Tairseach Dhomhanda’, Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta, JOIN(2021) 30 final, 1.12.2021

gComhairle ¹⁴. Le gnóthachain éifeachtúlachta ar an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha, bheifí in ann tosaíochtaí gníomhaíochta seachtraí an Aontais a chistiú, lena n-áirítear, b'fhéidir, an Tairseach Dhomhanda a uas-scálú.

- (5) Tá CEFI+ tar éis freastal ar éileamh an-ard ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI), ón mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF) agus ó institiúidí airgeadais forbartha eile (IAFanna), mar a deimhníodh leis an meastóireacht ar na hIonstraimí Maoinithe Sheachtraigh do Chreataí Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020 agus 2021-2027¹⁵.
- (6) D'fhéadfaí cumhdach ráthaíochta CEFI+ a mhéadú go dtí 2027 le barrachais ón gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI) agus trí úsáid níos éifeachtúla a bhaint as ráthaíocht an Aontais trína dhliteanas AE a laghdú faoi shainfhuinneog eisiach BEI le haghaidh oibríochtaí le contrapháirtithe ceannasacha agus le contrapháirtithe focheannasacha neamhthráchtála ó 65 % go 60 %. Ní thiocfadh an dara rud atá luaite i bhfeidhm go dtí go leasófaí an comhaontú ráthaíochta comhfhreagrach idir an Coimisiún agus BEI. Tá sannadh barrachas ó ionstraimí leagáide chun tairbhe CEFI+ gan dochar don chaibidlíocht maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil iar-2027.
- (7) Chun barrachais ráthaíocht CEFI a shannadh do sholáthar CEFI+ amhail ón 31 Nollaig 2024, tá gá le maolú ar Airteagal 216(4), pointe (a), den Rialachán Airgeadais¹⁶.
- (8) Chun úsáid acmhainní ráthaíocht CEFI+ a cheadú chun glaonna ráthaíochta a íoc ar ráthaíocht CEFI amhail ón 31 Nollaig 2024, tá gá le maolú ar Airteagal 214(6) den Rialachán Airgeadais.
- (9) Ba cheart acmhainneacht BEI, BEAF agus IAFanna i leith leas éifeachtúil a bhaint as acmhainní breise a mhéadú trí shimpliú a dhéanamh ar an gcreat le haghaidh oibríochtaí cumaisc, ar chomhdhlúthú comhaontuithe ráthaíochta agus cúnaimh theicniúil leis an gcomhpháirtí cur chun feidhme céanna agus ar an tuairisciú airgeadais a laghdú ó mhinicíocht ráithiúil go minicíocht leathbhliantúil.
- (10) De bhreis air sin, i dtéarmaí simplithe, cuirfear deireadh leis an oibleagáid atá ar chomhpháirtithe cur chun feidhme iniúchadh a dhéanamh ar an bhfaisnéis maidir le hoibríochtaí ar leithligh faoi chomhaontuithe ráthaíochta nach mór dóibh a sholáthar ina dtuairisciú bliantúil don Choimisiún, rud nach gceanglaítear faoin an Rialachán Airgeadais.
- (11) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, is é sin, rannpháirtíocht an Aontais lena thíortha comhpháirtíochta a fheabhsú agus a spleáchais sheachtracha iomarcacha a laghdú, a ghnóthú go leordhóthanach ach gur fearr is féidir na cuspóirí sin a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na

¹⁴ Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/947/oj>).

¹⁵ COM(2024) 208 final an 15.5.2024

¹⁶ Rialachán (AE) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj>).

comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/947 [Rialachán ICFCI-an Eoraip Dhomhanda]

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/947 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 30(4) mar a leanas:

‘De mhaolú ar Airteagal 212(3) den Rialachán Airgeadais, déanfar aisíocaíochtaí agus ioncaim a ghintear le hionstraim airgeadais a bunaíodh faoin Rialachán seo a shannadh don líne bhuiséid thionscnaimh tar éis costais agus táillí bainistíochta a bhaint astu.

De mhaolú ar Airteagal 216(4), pointe (a), den Rialachán Airgeadais, féadfar aon bharrachas soláthairtí le haghaidh ráthaíocht CEFI faoi Rialachán (AE) 2017/1601 a thuairiscítear in 2025, 2026 agus 2027 sa doiciméad oibre a ghabhann leis an dréachtbhuiséad de réir Airteagal 41(5), pointe (h), den Rialachán Airgeadais, a úsáid chun an ráthaíocht bhuiséadach a fhaigheann tacaíocht ó CEFI+ a bhunaítear faoin Rialachán seo a sholáthar.

Is ionann na hacmhainní dá dtagraítear sa chéad dá fhomhír den mhír seo agus ioncam sannta inmheánach de réir bhrí Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais.’

(2) in Airteagal 31(8), cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

‘De mhaolú ar Airteagal 214(6) den Rialachán Airgeadais, féadfar acmhainní CEFI+ a bhaineann le soláthar na ráthaíochta buiséadaí a fhaigheann tacaíocht ó CEFI+ a bhunaítear leis an Rialachán seo agus dá dtagraítear in Airteagal 214(4), an chéad fhomhír, pointí (b), (c) agus (d), den Rialachán Airgeadais, a úsáid chun íocaíocht glaonna ar ráthaíocht CEFI a chumhdach amhail ón 31 Nollaig 2024.’

(3) in Airteagal 36(1), an dara fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

‘Faoin bhfuinneog tiomanta eisiach infheistíochta, tuigfear gurb é atá i ranníocaíocht na n-acmhainní dílse glacadh riosca iarmharaigh agus cumhdófar le ráthaíocht an Aontais 60 % den mhéid comhiomlán a íoctar amach agus a ráthaítear faoi oibríochtaí maoiniúcháin BEI, lúide méideanna a aisíoctar, móide na méideanna gaolmhara uile.’

(4) Aisghairtear Airteagal 38(6).

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

1.	LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH.....	3
1.1.	Teideal an togra/tionscnaimh	3
1.2.	Réimsí beartais lena mbaineann.....	3
1.3.	Cuspóirí.....	3
1.3.1.	Cuspóirí ginearálta	3
1.3.2.	Cuspóirí sonracha.....	3
1.3.3.	An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann.....	3
1.3.4.	Táscairí feidhmíochta.....	3
1.4.	Baineann an togra/tionscnaimh le:	4
1.5.	Foras an togra/tionscnaimh	4
1.5.1.	Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh	4
1.5.2.	Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluch sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.	4
1.5.3.	Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart	4
1.5.4.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile	5
1.5.5.	Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh.....	5
1.6.	Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige	6
1.7.	Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme	6
2.	BEARTA BAINISTÍOCHTA.....	8
2.1.	Rialacha faireacháin agus tuairiscithe.....	8
2.2.	Córais bainistíochta agus rialaithe	8
2.2.1.	An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe	8
2.2.2.	Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú.....	8
2.2.3.	Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)	8

2.3.	Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc.....	9
3.	AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH	10
3.1.	Na ceannteidil de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar	10
3.2.	An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe	12
3.2.1.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	12
3.2.1.1.	Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	12
